

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Treoir do Pháistí maidir le Curaclam Athfhorbartha na Bunscoile



# Cad a fhoghlaimímid agus conas a fhoghlaimímid ar scoil





## Cén fáth a bhfuil na hathruithe ag tarlú?

Bíonn an domhan ag athrú i gcónaí agus ní mór dúinn go léir foghlaim faoi rudaí nua! Tabharfaidh na hathruithe seo go leor foghlama agus scileanna nua duit a chabhróidh leat i do shaol anois agus de réir mar a théann tú in aois.



## Meas tú an mbeidh níos mó rogha ann?

Beidh go leor deiseanna agat rogha a dhéanamh maidir leis na rudaí a fhoghlaimeoidh tú sna hábhair éagsúla agus conas a léireoidh tú do chuid foghlama. Tá tábhacht le do chuid smaointe agus spéiseanna agus beidh do mhúinteoir ag iarraidh iad a chloisteáil agus gníomhaíochtaí agus ceachtanna á bpleanáil acu.



## An athróidh sé na hábhair go léir?

Athróidh. Ó Naíonáin Shóisearacha go Rang a Dó, tagann do chuid foghlama le chéile ar bhealaí atá spraíúil agus nasctha. Ó Rang a Trí go Rang a Sé, roinntear do chuid foghlama ina n-ábhair - ach ná bíodh imní ort mar go n-oibríonn na hábhair seo le chéile fós, ag cabhrú leat smaointe a nascadh agus leanúint ar aghaidh ag foghlaim ar bhealaí spraíúla agus spreagúla.



## An mbeidh níos mó foghlama againn taobh amuigh?

Tá neart áiteanna agus spásanna éagsúla ann inar féidir leat foghlaim, sa seomra ranga, lasmuigh agus timpeall do scoile. Is féidir le do mhúinteoir cabhrú leat rudaí nua a fhiosrú, a aimsiú agus a thriail lasmuigh agus tú ag foghlaim ar bhealaí spraíúla.




## An ndéanfaimid níos lú nó níos mó scrúduithe?


B'fhéidir go mbeidh roinnt scrúduithe agat fós ach beidh go leor bealaí eile ann freisin chun a thaispeáint cad atá ar eolas agat agus cad is féidir leat a dhéanamh agus chun go gcuideoidh do mhúinteoir leat le do chuid foghlama.












## An n-athróidh amchlár an lae agus amchlár na seachtaine?

D'fhéadfadh amchlár an lae athrú beagán le roinnt ábhar ag fáil níos mó ama nó níos lú ama. Mar shampla, beidh níos mó ama ann do Chorpoideachas agus d'OSPS. Beidh do mhúinteoir ag cur ábhair éagsúla le chéile freisin chun cabhrú leat foghlaim conas a oibríonn gach rud le chéile sa saol mar atá agus spraoi a bheith agat á dhéanamh.





## Meas tú an mbeidh níos mó am saor againn agus níos mó ama le bheith ag súgradh?

Beidh. Tá an súgradh an-tábhachtach do gach duine. Beidh go leor deiseanna ann don súgradh agus don fhoghlaim trí shúgradh i rith an lae scoile do gach duine.



## An mbeidh níos mó teicneolaíochta ann?

Tá ról tábhachtach ag an teicneolaíocht i saol an lae inniu, agus foghlaimeoidh tú faoi go leor cineálacha éagsúla di. Úsáidfidh tú teicneolaíocht chun cabhrú leat agus tú ag obair cuid den am - ach ní an t-am ar fad!




## An mbeimid fós in ann na seanbhealaí foghlama a úsáid?

Tá na rudaí a úsáideann tú agus na bealaí a fhoghlaimíonn tú fós go maith - agus anois beidh seans agat triail a bhaint as cinn nua a d'fhéadfadh an fhoghlaim a dhéanamh níos spraíúla, níos suimiúla agus níos spreagúla fós.



## Meas tú an athróidh an curaclam go tapa?

Tá na hathruithe seo an-tábhachtach agus tarlóidh siad de réir a chéile sna blianta beaga amach romhainn, mar sin tá neart ama agat féin agus ag do mhúinteoirí dul i dtaithí orthu.




## Cé chomh héasca nó cé chomh deacair is a bheidh sé?

Ní bheidh na rudaí nua a fhoghlaimeoidh tú níos éasca ná níos deacra. Beidh an fhoghlaim oiriúnach duit in ábhair éagsúla. Beidh do mhúinteoir ann i gcónaí chun cabhrú leat agus chun a chinntiú go bhfuil tú ag foghlaim ar an mbealach is fearr a oibríonn duit.








Má tá aon cheist eile agat, tabhair cuairt ar

**www.curriculumonline.ie**

